**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000045/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136

**Marc Angel** (S&D), **Terry Reintke** (Verts/ALE), **Pierre Karleskind** (Renew), **Malin Björk** (The Left), **Maria Walsh** (PPE), **Fabio Massimo Castaldo** (NI), **Matjaž Nemec** (S&D), **Olivier Chastel** (Renew), **Diana Riba i Giner** (Verts/ALE), **Gabriele Bischoff** (S&D), **Tilly Metz** (Verts/ALE), **Irène Tolleret** (Renew), **Dietmar Köster** (S&D), **Frances Fitzgerald** (PPE), **Karen Melchior** (Renew), **Sophia in 't Veld** (Renew), **Marianne Vind** (S&D), **Karima Delli** (Verts/ALE), **Hilde Vautmans** (Renew), **Magdalena Adamowicz** (PPE), **Sylwia Spurek** (Verts/ALE), **Francisco Guerreiro** (Verts/ALE), **Karin Karlsbro** (Renew), **Vera Tax** (S&D), **Sandro Gozi** (Renew), **Malte Gallée** (Verts/ALE), **René Repasi** (S&D), **Robert Biedroń** (S&D), **Radka Maxová** (S&D), **Giuliano Pisapia** (S&D), **Aurore Lalucq** (S&D), **Marisa Matias** (The Left), **José Gusmão** (The Left), **Anna Deparnay-Grunenberg** (Verts/ALE), **Rosa D'Amato** (Verts/ALE), **Andreas Schieder** (S&D), **Catharina Rinzema** (Renew), **Chris MacManus** (The Left), **Alice Kuhnke** (Verts/ALE), **Saskia Bricmont** (Verts/ALE), **Silvia Modig** (The Left), **Sirpa Pietikäinen** (PPE), **Michal Šimečka** (Renew), **Grace O'Sullivan** (Verts/ALE)

Ábhar: Cosaint dlí do theaghlaigh bogha ceatha agus cearta saorghluaiseachta á bhfeidhmiú acu, go háirithe cás an Linbh Sara

Má thugann Ballstát amháin aitheantas do thuismíocht, ba cheart do na Ballstáit uile an t-aitheantas céanna a thabhairt di (cás an Linbh Sara[1]). Is Bulgárach í Sara, agus dá bhrí sin, is saoránach den Aontas Eorpach í. Mar sin féin, mheas údaráis na Bulgáire nach bhféadfadh beirt mháithreacha a bheith aici agus dhiúltaigh siad dá saoránacht. Chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) de cheangal ar an mBulgáir cárta aitheantais nó pas a eisiúint gan teastas breithe a bheith de dhíth uirthi roimh ré agus aitheantas a thabhairt don doiciméad a fuarthas ón mBallstát óstach[2].
An 15 Aibreán 2022, chuir Cúirt Riaracháin Shóifia de cheangal ar Bhardas Shóifia teastas breithe a eisiúint ina bhfuil ainmneacha na beirte máithreacha, ar cinneadh é ar chuir an Bardas ina aghaidh ina dhiaidh sin. Ar an gcaoi chéanna, d'athdhearbhaigh CBAE a réasúnaíocht i gCás C-2/21[3], ina bhfuair iníon bheirt mháithreacha teastas breithe sa Spáinn. Dhiúltaigh údaráis na Polainne doiciméad aitheantais a eisiúint agus d'áitigh siad go sárófaí dlí na Polainne le clárúchán na ndoiciméad sin sa Pholainn – in ainneoin gur shuigh údaráis na Spáinne go dleathach gur ann do thuismíocht. Thairis sin, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún tús a chur le nósanna imeachta um shárú i gcoinne na Rómáine maidir lena mainneachtain breithiúnas na Cúirte i gCás C-673/16[4] a chur chun feidhme.

1. Níor áirithigh an Coimisiún go mbeadh cearta saorghluaiseachta ag teaghlaigh bogha ceatha[5]. An bhfuil an Coimisiún seo réidh le húsáid a bhaint as uirlisí dlí chun forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le saorghluaiseacht a áirithiú? An féidir leis trácht a dhéanamh ar chur chun feidhme Chás C-673/16 agus ar úsáid uirlisí dlí chun a áirithiú go gcomhlíonfar Cás C-673/16, Cás C-490/20 agus Cás C-2/21?

2. I gCás C-2/21, luaigh CBAE nach féidir leis na Ballstáit an dlí náisiúnta a úsáid chun eisiúint doiciméad aitheantais a dhiúltú. Mar sin féin, i gCás C-490/20, tá sé dodhéanta, ó thaobh an dlí de, Sara a chlárú ós rud é go gcuirtear cosc ar leanbh a chlárú leis an reachtaíocht náisiúnta gan uimhir aitheantais phearsanta (PIN) a bheith ag an leanbh sin, ar uimhir í is féidir a fháil trí theastas breithe a fháil nó trí shaoránacht nach saoránacht ó dhúchas í a fháil. 'Maidir le heisiúint teastais breithe a dhiúltú ina bhfuil beirt bhan mar mháithreacha dlíthiúla, ní thagann an cheist faoi raon feidhme an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh a thuilleadh [ach] faoi raon feidhme an dlí

[1] Cás C-490/20, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A62020CJ0490
[2] Ibid., mír 69.
[3] Mír 52, Cás C-2/21, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?qid=1666107236137&uri=CELEX%3A62021CO0002
[4] Rún an 14 Meán Fómhair 2021 maidir le cearta daoine LGBTIQ san Aontas, IO C 117, 11.3.2022, lch. 2, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52021IP0366
[5] Cás C-673/16, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A62016CJ0673

riaracháin[6]’. Leis sin, sáraítear Airteagal 4(3) de Threoir 2004/38/CE, Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus sáraítear breithiúnas CBAE go hiomlán. Cad iad na bearta a dhéanfaidh an Coimisiún chun a áirithiú nach gcuirfear cosc ar chur chun feidhme breithiúnas le beart náisiúnta?

3. Bhí clárúchán éigeantach doiciméad i dtír eile díobhálach i gcásanna a bhaineann le cearta saorghluaiseachta teaghlach bogha ceatha (teastas breithe i gCás C-490/20, teastas pósta i gCás C-673/16). I bpáipéar arna choimisiúnú ag an gCoimisiún, luaitear an méid seo a leanas: ‘Cé nach sárú ar dhlí an Aontais é clárúchán i dtír eile ann féin, d’fhéadfadh sárú ar dhlí an Aontais a bheith mar thoradh ar [...] iallach a chur ar a náisiúnaigh féin a stádas sibhialta a chlárú i dtír eile i ngach cás[7]’. Conas a chuirfidh an Coimisiún cosc leis sin?

Curtha síos: 17.10.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 18.1.2023

6 De Groot, David, *EU law and the mutual recognition of parenthood between Member States: the case of V.M.A. v Stolichna Obshtina*, Global Citizenship Observatory, Tuarascáil Speisialta 2021/01, lch. 9, https://cadmus.eui.eu/handle/1814/69731

7 https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/eu-citzen_-_type_a_report_-_study_on_coman_developments.pdf